Sa ghearán a rinne sé, dúirt an t-iarratasóir go ndúradh leis nuair a bhí sé ag labhairt le ball foirne sa chomhlacht earcaíochta go raibh cúis eile taobh thiar den am breise agus níorbh í an teorainn focal a ba chúis leis an síneadh ama. Dúirt an t-earcaitheoir gur pléadh é seo le CCSP agus níorbh fhéidir é seo a phlé leis an iarratasóir. Sa chinneadh a rinne sé, dúirt an t-athbhreithneoir, ós rud é go raibh an comórtas fós ar siúl ag an am sin, go raibh cúis mhaith ann agus go raibh sé réasúnta gan ábhar na gcomhráite idir sealbhóir an chomórtais agus CCSP a nochtadh do na hiarratasóirí.

Maidir leis an ngearán a rinne an t-iarratasóir nár leagadh síos na critéir i dtús báire, chinn an t-athbhreithneoir gur chuimsigh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil, faisnéis ar na céimeanna difriúla sa phróiseas ceapacháin. Luaigh an gearánaí go bhfuil foráil déanta do ghearrliosta más amhlaidh go gcuireann líon mór daoine isteach ar an bpost. Dúirt sé go ndúradh leis nach mbeadh aon ghearrliosta i gceist cé go mbraitheann sé go raibh líon mór iarrthóirí ann ós rud é go ndearnadh tástáil ar líne ag Céim 2. Chinn an t-athbhreithneoir gur chuir an t-iarratasóir a thuairim in iúl. Mar sin, ní raibh sa ghearán ach cur i gcás agus mar sin ní raibh aon chinneadh le déanamh ag an athbhreithneoir.

Mhaígh an gearánaí go ndúradh leis go raibh gá le cóip dena chur i láthair i ndiaidh é a bheith ráite leis nach mbeadh gá leis. Chinn an t-athbhreithneoir go raibh sé *'taobh amuigh de shainchúram nó de fhreagracht na rannóga AD'* go bhfuair roinnt iarratasóirí amach faoi seo roimh daoine eile agus nach raibh aon fhianaise ann gur sáraíodh an Cód Cleachtas. Maidir leis an gceistiú faoin gcur i láthair, chinn an t-athbhreithneoir nach raibh na teoracha ag teacht leis na critéir scríofa, (de réir na gcritéir bhíothas le seacht nóiméad a chaitheamh ag cur ceisteanna faoin gcur i láthair ag tús an agallaimh) agus seans gur chuir sé seo mearbhall ar iarratasóirí, ach chinn sé nár sáraíodh an Cód Cleachtas mar ní dhearnadh d'aon ghnó é.

Dúirt an gearánaí gur dóigh leis go bhfuil an t-íoschaighdeán cáilíochta (bheith laistigh den 20ú peircintíl) thar a bheith íseal. Chinn an t-athbhreithneoir go raibh an gearánaí *'ag lorg eolais agus ag cur a thuairim in iúl maidir le critéir faoi leith seachas ag déanamh gearáin gur sáraíodh an Cód Cleachtas'*. Mar sin, chinn sé nach raibh aon chinneadh le déanamh ina leith.

### **Tuairim an Choimisiúin**

Scrúdaigh an Rúnaíocht na doiciméid a bhain leis an gcomórtas agus chuireamar ceisteanna ar an earcaitheoir maidir leis na saincheisteanna a d'ardaigh an gearánaí.

Maidir leis an síneadh ama, chinn an Rúnaíocht gur theip ar an earcaitheoir cumarsáid cheart a dhéanamh leis na hiarratasóirí. Bhí ar an iarratasóir agóid foirmiúil a ardú leis an earcaitheoir ionas go gníomhódh sé agus go ligeadh sé do gach iarratasóir a n-iarratas

a uasdátú agus, ina theannta sin, b'éigean don iarratasóir iarraidh ar an earcaitheoir é sin a chur in iúl go gach iarratasóir. Dúirt an t-earcaitheoir leis an Rúnaíocht gur labhair sé leis an iarratasóir agus mhínigh sé gur tharla earráid riaracháin agus gur ceartaíodh an botún laistigh d'uair an chloig.

Dúirt an t-earcaitheoir go ndeachaigh sé i dteagmháil le CCSP ag lorg eolais maidir leis na saincheisteanna a bhí ann leis an síneadh spriocama. Dúradh leo nach raibh cúis ar bith ann gan leanúint ar aghaidh mar is gnáth mar bhí gach rud déanta acu chun an fhadhb a cheartú. Chinn an Rúnaíocht nach raibh aon rud as an ngnáth go ndeachaigh an t-earcaitheoir i dteagmháil le CCSP ag lorg eolais. Ní raibh sé riachtanach an gearánaí a chur ar an eolas faoin gcomhrá seo mar bhí an fhadhb ceartaithe cheana féin ag an earcaitheoir.

Sa Treoir bhí liosta de na próisis roghnúcháin ar féidir a úsáid le linn an chomórtais. Ní raibh an Rúnaíocht den tuairim gur chruthaigh sé seo go raibh an próiseas as a mbainfeadh sé úsáid, roghnaithe cheana féin ag an earcaitheoir, agus chinn sí nár sáraíodh alt '2.7.3 An próiseas roghnúcháin a roghnú' den Chód Cleachtais.

Is faoin earcaitheoir atá sé gearrliosta a chur le chéile. Níor baineadh úsáid as gearrliosta d'ainneoin go bhfuil an próiseas leagtha amach sa leabhrán iarrthóra. Ach ní chruthaíonn sé seo *'go bhféadfadh sé gur cuireadh le chéile iarratais ar bhealach a bhí deartha chun measúnú nár tharla ar chor ar bith a shásamh'*. Ní bhfuair an Rúnaíocht aon údar leis an ngné seo den ghearán.

Maidir leis an gcur i láthair, cuireadh in iú don ghearánaí nach mbeadh sé ábalta an cur i láthair a thaispeáint ar an scáileáin le linn an agallaimh. Cúig lá ina dhiaidh sin, áfach, fuair sé ríomhphost ina dúradh *'ba mhaith leis an mbord agallaimh cóip de do chur i láthair a fháil roimh an agallamh'*. Dúirt an gearánaí gur cuireadh roinnt iarratasóirí ar an eolas faoi seo sula bhfuair iarratasóirí eile amach faoi. Cuireadh amach an fhaisnéis chéanna do gach iarratasóir, áfach. Mar sin, ní raibh an t-iarratasóir faoi mhíbhuntáiste. Más amhlaidh go bhfuair iarratasóirí an t-eolas seo amach ó iarratasóirí eile, níl aon smacht ag an rannóg Acmhainní Daonna ná an an CCSP air sin.

Sa ríomhphost céanna, cuireadh in iúl don ghearánaí go mbeidh sé riachtanach *'cur i láthair a dhéanamh ar feadh thart ar seacht nóiméad (ceisteanna san áireamh) agus tarlóidh sé sin ag tús an agallaimh.'* San agallamh, dúirt an gearánaí nár cuireadh ceisteanna air faoin gcur i láthair a rinne sé ach dúradh leis go gcuirfí ceisteanna air ag deireadh an agallaimh. Nuair a chuir an CCSP ceist ar an earcaitheoir maidir leis seo, dúirt an t-earcaitheoir go raibh síceolaí sinsearach i láthair i roinnt de na hagallaimh. Dúirt an síeolaí sinsearach gurbh í an chuimhne a bhí aici, agus gan féachaint siar ar pháipéarachas, go ndearna an t-iarratasóir *"cur i láthair ag tús an agallaimh seachas ag an deireadh agus cuireadh ceisteanna orthu díreach ina dhiaidh sin. Ansin bhog baill an bhoird agallaimh agus na hiarratasóirí ar aghaidh go dtí na hinniúlachtaí."*

Ní thagann an caighdeán cáilíochta le haghaidh comórtas faoi shainchúram an CCSP. Thug an Rúnaíocht faoi deara freisin go raibh fadhbanna ag an iarratasóir leis an bpróiseas athbhreithnithe.

### **Cinneadh**

Chinn an Coimisiún nár sáraíodh an Cód sa chás seo.

### **Toradh**

Chinn an Rúnaíocht gur chóir feabhas a chur ar an gcumarsáid le hiarratasóirí. De réir an Chóid Chleachtais *'Tá sé bunriachtanach go mbeidh cumarsáid oscailte agus ghníomhach ann faoin bpróiseas agus faoin mbonn measúnachta'*. Ghlac an Rúnaíocht leis gur fhreagair an t-earcaitheoir go tapa agus go dearfach ar chomhfhreagras an iarratasóra i gcónaí. Ní cóir go mbeidh an fhreagracht ar iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an earcaitheoir chun soiléiriú a fháil maidir le saincheist ar chóir go mbeidh sé tugtha faoi deara ag an gcomhlacht. Ba chóir freisin go gcuirfidh earcaitheoirí faisnéis faoin bhfeachtas ar fáil do iarratasóirí ag an am céanna. Dheimhnigh an t-earcaitheoir go gcuirí na moltaí in iúl don fhoireann go léir a raibh baint acu leis an gcomórtas agus go gcuirí i bhfeidhm iad i ngach comórtas amach anseo.

## **Gearán 2**

### **Gearán faoi chomórtas do phost mar Bhainisteoir Sinsearach Speisialaithe**

#### **An Gearán: Dúirt an gearánaí:**

- Ba chóir go ligfí dó cur isteach ar fholúntais sna 3 suíomh a bhí fógartha seachas ceann amháin;
- Chuir an faisnéisiú faoin gcur i láthair ó bhéil sa chomórtas mearbhall air;
- Ba chóir go n-áireofaí cáilíochtaí CV an iarratasóra sa mheasúnú a rinneadh ar an iarratasóir;
- Ba chóir don earcaitheoir ríomhphoist phearsanta a chur chuig an iarratasóir chomh maith le ríomhphoist oibre;
- Bhí neamhréireacht ann idir measúnú bhainisteoir an iarratasóra agus an measúnú a rinne an bord;
- Ní raibh an t-athbhreithneoir seachtrach a cheap an t-earcaitheoir oiriúnach mar athbhreithneoir mar bhí seans ann go mbeadh sé/sí ina f(h)ostóir ag an iarratasóir;

- Ba chóir go n-áireofaí eitic mar cheann de na hinniúlachtaí;
- Go ndearna iarbhainisteoir líne agus ball den bhord agallaimh stocaireacht ina choinne;
- Bhí a chuid nótaí agallaimh neamhchruinn agus neamhiomlán;
- Sceith an rannóg AD eolas pearsanta faoi;
- Bhí moill ann a athbhreithniú inmheánach a chríochnú;
- Ba chóir go ndéileáladh CCSP lena ghearán mar ghearán faoi alt 7 (déantar foráil ann go bhféadfadh athrú a bheith ar an toradh).

### **Gníomhartha an earcaitheora:**

Chinn an t-athbhreithneoir nach raibh aon fhianaise ann, ó na páipéir a cuireadh ar aghaidh chuig an mBord, nár áiríodh roinnt den CV ar an bhfoirm iarratais. Mar sin, bhí an fhaisnéis sinn ar fáil do bhaill an Bhoird nuair a bhíodar ag deimhniú an mbeadh sé oiriúnach don ról. Níor éilíodh aon cháilíochtaí foirmiúla faoi leith chun dualgais agus freagrachtaí an ról a chomhlíonadh. Sa chás seo, bhain na critéir faoina raibh cinneadh le déanamh maidir le hoiriúnacht iarratasóirí, le tréithe agus scileanna pearsanta a bheadh riachtanach chun dualgais agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh. Tar éis na doiciméid a scrúdú, agus tar éis labhairt le Ball den Bhord agus leis an oiliúnaí a sholáthair an cúrsa *'Bí réidh don Chomórtas'*, bhí an tAthbhreithneoir sásta gur iarr an t-earcaitheoir ar iarratasóirí samplaí a lua maidir le hinniúlachtaí mar a bhaineann siad leis an ról atá acu faoi láthair. Moladh d'iarratasóirí sa chúrsa thuasluaite gur chóir go mbaineadh na samplaí le héachtaí ábhartha agus a tharla le déanaí más féidir, agus i mórán cásanna, bhainfeadh sé seo leis an ngairm bheatha atá luaite leo leis an earcaitheoir.

Dúirt an t-athbhreithneoir, áfach, gur faoin iarratasóir féin a bhí sé sampla a roghnú, a léireodh, dar leo, an saineolas atá acu maidir le haon inniúlacht faoi leith. Maidir le cumarsáid agus tráthúlacht, dúirt an tAthbhreithneoir gur bhain na cúinsí céanna le gach iarratasóir i ngach gné den chomórtas. Dúirt sí go bhfuil na sonraíochtaí poist agus sonraíochtaí pearsanta leagtha amach go soiléir, fógraíodh an folúntas go forleathan agus bhí sí den tuairim go raibh meicníochtaí measúnachta cuí á n-úsáid. Tairgeadh oiliúint do gach iarratasóir agus do Bhaill an Bhoird. Coimeádadh taifid chuí faoin bpróiseas ceapacháin mar a éilítear faoi fhorálacha an Chóid Chleachtais.

Thug an tAthbhreithneoir faoi deara go raibh sé sothuigte go gcuirfí ríomhphoist chuig seoladh ríomhphoist oibre an iarratasóra i gcás comórtais inmheánaigh, ach dúirt sí gur chóir don rannóg AD é seo a lua sa cháipéisíocht ionas nach bhféadfadh iarratasóirí ciall mícheart a bhaint as.

Thug an tAthbheithneoir faoi deara freisin gur eagraíodh an amchlár do na hagallaimh in éineacht le baill an Bhoird, agus ba trí tharraingt a sannaíodh na sliotáin ama d'iarratasóirí. Iarradh ar bhaill an Bhoird measúnú a dhéanamh ar na cuir i láthair agus is futhu atá sé teacht ar thuairim oibeachtúil maidir le hábhar na gcur i láthair agus conas a chuirtear i láthair iad. Ghlac an tAthbheithneoir leis go rabh earráid ann sa Leabhrán Eolais d'iarratasóirí ach earráid bheag a bhí ann, ceartaíodh i ríomhphost é, agus tugadh go leor ama d'iarratasóirí cur i láthair a chur isteach.

Thug an tAthbheithneoir faoi deara gur tharla an oiliúint go déanach san ullmhúchán don chomórtas. Cuireadh an oiliúint ábhartha ar fáil, áfach, le dea-intinn. Mhol sí go bhféadfadh an eagraíocht oiliúint a eagrú d'iarratasóirí níos luaithe sa phróiseas agus chomh fada agus is féidir roimh an spriocdháta don chur i láthair a bheith curtha isteach.

Dúirt an t-athbheithneoir nach bhfuil i mórán de na ráitis a rinne an gearánaí maidir le rúndacht ach clostrácht. Measann sí dá mba rud é go raibh na ráitis seo fíor, ní bheadh aon éifeacht acu ar thoradh an chomórtais. Moltar go láidir, áfach, go gcuirfidh an t-athbheithneoir in iúl doibh siúd atá sa phróiseas comórtais nach bhfuil sé ceadaithe faisnéis faoi na hiarratasóirí a phlé ná a nochtadh le haon pháirtí eile.

**Tuairim an Choimisiúin:** Bhí an gearánaí den tuairim go mba chóir a ghearán a scrúdú faoi Alt 7 & 8 den Chód Cleachtais de bharr méid agus tromchúise an ghearáin. Rinne sé a ghearán don earcaitheoir faoi Alt 8 den chód agus mar sin, b'éigean don Oifig seo déileáil lena ghearán faoi Alt 8 agus ní faoi Alt 7.

Fógraíodh an post Stiúrthóir Léarscáilithe Réigiúnach i 3 cheantar éagsúla, Port Láirge, Baile Átha Cliath agus Ros Comáin. Sa ghearán a rinne sé don Oifig seo, dúirt an gearánaí gur chuir sé isteach ar an bpost i mBaile Átha Cliath ach go raibh suim aige san oifig i bPort Láirge freisin. Mheas an gearánaí go raibh sé leithchealach nár ligeadh dó bheith páirteach sa dhá phainéil eile. Dúradh an bhfógra ón oifig AD dar dáta 07/2022, ba chóir d'iarratasóirí láithreán amháin a lua ina mbeidh siad sásta bheith ag obair. Cuireadh gach iarratasóir ar an eolas faoi seo nuair a chuir siad isteach ar an gcomórtas. Ní raibh aon leithcheal i gceist nuair a d'iarr an t-earcaitheoir ar iarratasóirí láithreán amháin a roghnú don phost ina raibh siad ag cur isteach air.

Dúirt an gearánaí go raibh an fhoclaíocht san fhaisnéisiú don chur i láthair doiléir agus gur thug sé le fios, dar leis, *'mura n-áireofaí achoimre den CV sa chur i láthair, ní chuirfí an fhaisnéis sin os comhair an Bhoird agallaimh, rud a d'imir tionchar ar thoradh an chur i láthair, i mo chás-sa ar a laghad'*. San fhógra ón Oifig bhí teideal an chur i láthair le léamh go soiléir *'Ról SLR maidir le seirbhís ardchaighdeán dírithe ar chustaiméirí a sheachadadh'*. Rinne an Oifig earráid sa nóta nuair a tharraing siad aird na n-iarratasóirí ar Alt 4 & 5 in ionad ar Alt 3. Cheartaigh an t-earcaitheoir an earráid seo i ríomhphost, áfach, roimh an agallamh agus ghabh siad leithscéal as an mearbhall a chruthaigh sé.



Fuair an Coimisiún nár sáraíodh an Cód, bhí an fhaisnéis faoin gcur i láthair soiléir agus cruinn agus cuireadh na hiarratasóirí ar fad ar an eolas maidir leis an earráid a rinneadh.

Mheas an gearánaí go raibh sé míchothrom an CV a fhágáil ar lár ó na modhanna roghnúcháin don chomórtas agus gur *'sáraíodh riachtanais maidir le hionracas, tuillteanaas, trédhearcacht etc faoin gcód, pé acu ag an gcéim gearrliostaithe nó ag aon chéim eile den chomórtas'*. San fhoirm iarratais d'iarr an t-earcaitheoir ar na hiarratasóirí an fhaisnéis go léir a bheadh i CV, ar nós cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla, agus Stair Ghairme, a chur chuige. Bhí an CV ina chuid den chomórtas. Níor tharla aon ghearrliostú bunaithe ar an bhfoirm iarratais/CV agus cuireadh an CV ar aghaidh chuig an mBord Agallaimh. Ní thugann an Coimisiún treoracha do chomhlachtaí poiblí conas Cvanna nó iarratais a úsáid sa phróiseas earcaíochta. Cinntíonn sé, áfach, go mbeidh an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin a dhéanann comhlacht poiblí cothrom, trédhearcach, bunaithe ar thuillteanas agus deartha go huilíoch. San Fhógra ón Oifig a cuireadh chuig gach iarratasóir, leagtar amach go soiléir an próiseas iarratais. Ní bhfuair an Coimisiún gur sáraíodh an cód maidir leis an bpointe seo.

Dúirt an gearánaí nár sheol an t-earcaitheoir ríomhphost faoin gcur i láthair chuig a ríomhphost pearsanta. Seoladh chuig a ríomhphost oibre amháin é. Dá bharr sin, chaill sé 4 lá as 7 chun ullmhúchán a dhéanamh ar an gcur i láthair. Eisean an chéad duine a cuireadh faoi agallamh agus creideann sé go raibh buntáiste ag iarratasóirí eile mar bhí an t-agallamh/cur i láthair acu 3 lá ina dhiaidh sin. Dúirt an gearánaí freisin gur iarr an t-earcaitheoir síneadh ama do chinneadh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil agus dúirt siad go mbeadh freagra acu faoi 31 Nollaig 2022. Bhí an gearánaí ar saoire bhreitheachta agus ní raibh freagra faighte aige fós faoi 2 Eanáir 2023. Chuir sé ríomhphost chuig AD agus dúradh leis gur seoladh ríomhphost chuig a seholadh oibre amháin, ar 29 Nollaig 2022. Bhí sé curtha in iúl ag an earcaitheoir go n-úsáidfe seoltaí ríomhphost oibre chun cumarsáid a dhéanamh don chomórtas inmheánach seo. Ach má fuarthas teachtairteacht *As Oifig* ar ais mar fhreagairt ar ríomhphost, chuirtear ríomhphost chuig an seoladh pearsanta. Mhol an Coimisiún go gcuirfe gach comhfhreagras chuig an dá sheoladh ós rud é gur iarr an t-earcaitheoir ar iarratasóirí an dá cheann a sholáthar, nó go n-iarrfadh an t-earcaitheoir ar na hiarratasóirí cén seoladh a bhí le húsáid.

Dúirt an gearánaí gur ndúirt an Bord leis go mbunófaí freagraí áirithe le linn an agallaimh ar an taithí a bhí aige ar bheith ag obair leis an earcaitheoir. Mheas sé nár thug sé seo an deis dó labhairt faoina cháilíochtaí foirmiúla agus a chuid taithí oibre taobh amuigh den chomhlacht. Ní thagann sé faoi shainchúram an Choimisiúin, treoracha a thabhairt do chomhlachtaí poiblí faoi na ceisteanna a chuirtear nó faoin mbealach a chuirtear iad, i gcomórtas ar bith fad is go gcaitear le gach iarratasóir ar an mbealach céanna. Dúradh leis an gCoimisiún go raibh an oiliúint iomlán faighte ag an mBord agallaimh. Scrúdaigh an Coimisiún nótaí agallaimh an gearánaí chomh maith le dhá nóta agallaimh samplach

le haghaidh iarratasóirí rathúla agus neamhrathúla agus chinn an Coimisiún nach raibh aon difear idir na ceisteanna a cuireadh ar an ngearánaí agus ar na hiarratasóirí eile.

Dúirt an gearánaí go raibh neamhréir idir an measúnú a rinne a Bainisteoir agus an measúnú a rinne an bord. Cé go raibh rochtain ag an mbord ar mheasúnú an Bhainisteora, bunaítear an agallamh ar fheidhmíocht foriomlán iarratasóra ar an lá. Bhí an bord oilte go hiomlán agus mar sin, ní raibh aon deacracht ag an mbord nach raibh tuairim an bhoird ag teacht le tuairim an bhainisteora.

Cheap an t-earcaitheoir Athbhreithneoir seachtrach chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh. Bhí an gearánaí míshásta leis an gceapachán seo mar d'éirigh leis, i gcomórtas eile, áit a fháil ar phainéal in Oifig ina raibh an tAthbhreithneoir ag obair. Cheap an gearánaí gur *'iompar a chuirfeadh imeagla air agus a d'imródh leatrom air'* a bhí i gceist leis seo. Bhí sé deimhnithe ag an Athbhreithneoir go raibh an oiliúint chuí faighte ag an Athbhreithneoir chun athbhreithniú a dhéanamh agus go bhfuil an-chuid taithí aici i bpróisis earcaíochta. Mar sin, chinn an Coimisiún go raibh ceapachán an Athbhreithneora cuí agus nach raibh aon fhianaise ann chun torthaí an Athbhreithneora a cheistiú.

Dúirt an gearánaí *'Is féidir a dheimhniú ón bhfaisnéis iarrthóra a foilsíodh maidir le ról a bhí á fhógairt ag an am céanna i bhFógra AD 07/2022 agus AD 09/2022 go raibh an comórtas sin á rith ag baint úsáide as "50% sinsearachta agus oiriúnacht, agus 50% bunaithe ar thuilleamas"*. Bhí an fhaisnéis sin le fáil i bhFógra AD 09/2022 *'Comórtas chun dul ar aghaidh go dtí Scála Níos Airde maidir le gráid ar an ndéanann Forsa ionadaíocht'*. Is comórtas eile a bhí i gceist leis seo agus níl aon bhaint aige leis an bpost Stiúrthóir Léarscáilithe Réigiúnach.

Bhí an gearánaí míshásta nár áirigh an t-earcaitheoir na cáilíochtaí foirmiúla a bhí aige. Cheistigh sé *'Conas is féidir sa 21ú haois post Bainistíochta laistigh den tseirbhís Shibhialta/Phoiblí a dhéanamh ar an gcéad ásc gan an riachtanas cáilíochtaí foirmiúla a bheith ag an té a cheaptar?'* Ba cheist í seo nárbh fhéidir leis an gCoimisiún í a fhreagairt. Is ar an gcomhlacht poiblí atá an fhreagracht na cáilíochtaí atá riachtanach don phost a leagan síos, más ann dóibh.

Rinne an gearánaí an moladh go mba chóir go n-áireofaí eitic faoin inniúlacht *'Tiomantas do Luachanna san earnáil phoiblí'*. Ní rud é seo a thagann faoi shainchúram na hOifige seo.

Rinne an gearánaí gearán gur tharla iompar imeaglaíthe le linn an phróisis chomhórtais. Líomhain sé go raibh an chuma ar chúrsaí *'go raibh iarbhainisteoir líne agus ball den bhord agallaimh ag stocaireacht i gcoinne mo cheapacháin sa ról'*. Níor soláthraíodh aon fhaisnéis mhionsonraithe ina leith.

Mheas an gearánaí go raibh na nótaí a tógadh le linn an agallaimh míchruinn. Dúirt sé nach raibh rochtain ag an mbord agallaimh ach ar chuntais neamhiomláin den mhéid a bhí ráite aige le linn an chuir i láthair agus an agallaimh araon. Is gnách go núsáidtear nótaí chun achoimre a dhéanamh ar fhreagraí na n-iarratasóirí. Bhí oiliúint iomlán faighte ag an mbord, áfach, mar a bhí don cheist thuasluaite freisin. Ní fhaca an Coimisiún aon fhianaise gur theip ar an mbord an fheidhm a bhaint amach i gceart a bhí leagtha síos dó.

Dúirt and gearánaí níos mó ná uair amháin gur roinneadh a fhaisnéis phearsanta le baill foirne eile agus gur *'sceitheadh eolas agus cáipéisí ón bpróiseas comórtais le daoine nach raibh ar an mbord agallaimh/nach raibh údaráithe'*. Ní thagann sé faoi shainchúram an Choimisiúin an líomhain sin a scrúdú agus ní féidir leis a dheimhniú ar tharla a leithéid. B'fhearr é sin a chur faoi bhráid an Choimisinéara um Chosaint Sonraí chun go ndéanfaidh sé an líomhain sin a scrúdú.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh neamhfhoirmiúil, chinn an Coimisinéir go ndearna an tAthbhreithneoir scrúdú ar an saincheisteanna a ardaíodh sa ghearán. Mhínigh sí go soiléir don ghearánaí na cinntí go léir a rinne sí. Cé go raibh an tAthbhreithneoir i dteagmháil leis an ngearánaí cúpla uair ar an bhfón chun a chás a phlé leis, rinneadh an cinneadh níos mó ná mí ina dhiaidh sin, lasmuigh den amlíne atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus mar sin is sárú ar an gCód é sin.

**Cinneadh:** Chinn an Coimisiún gur sáraíodh an Cód maidir le hamlínte don athbhreithniú inmheánach. Thug an Coimisiún faoi deara nár úsáideadh ach ríomhphoist oibre cé gur iarradh ar iarratasóirí seoltaí oibre agus pearsanta a sholáthar. Chruthaigh sé seo mearbhall don ghearánaí.

**Toradh:** Mhol an Coimisiún don earcaitheoir meicníocht a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíeann sé leis na hamlínte sa Chód maidir le hathbhreithnithe ar ghearáin a fhaightear ó iarratasóirí a chur i gcrích. Mhol an Coimisiún úsáid a bhaint as seoltaí pearsanta agus oibre má iarrtar ar iarratasóirí an dá cheann a sholáthar. Dheimhnikh an t-earcaitheoir go gcomhlíonfaidh sé an dá mholadh amach anseo i ngach comórtas inmheánach ar ardú céime. An cháipéisíocht go léir a bhaineann le comórtas inmheánacha ar ardú céime, lena n-áirítear treoir d'iarratasóirí a bhaineann le hachomhairc agus imscrúduithe, déanfar í a uasdátú mar thoradh ar na moltaí seo.

## Feidhm Iniúcháireachta an Choimisiúin

Mar chuid de ról maoirseachta an Choimisiúin, is féidir iniúchtaí a dhéanamh ar ghníomhaíocht earcaíochta agus roghnúcháin sealbhóirí ceadúnais. Is uirlis riachtanach

foghlama é seo, ag socrú tagarmharcanna le haghaidh dea-chleachtais agus ag cur béime ar réimsí atá le feabhsú.

Ní dhearna an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí aon iniúchadh in 2023.

## Clár Fíorúcháin maidir le Ceadúnais Earcaíochta

### **Cúlra**

Ag a chruinniú ar 13 Nollaig 2022, d’fhaomh an Coimisiún moladh a rinne an Rúnaíocht, tionscadal a reáchtáil chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil comhlachtaí ar bhronn an Coimisiún ceadúnais orthu, ag comhlíonadh téarmaí na gceadúnas sin. Ar aon dul lenár sainchúram rialála, ba é cuspóir an tionscadail dearbhú réasúnta a sholáthar don Choimisiún go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais agus iad ag earcaíocht. Tugadh faoi deara go bhfuil laghdú tagtha ar líon na ngearán, agus theastaigh uainn a chinntiú nach raibh an Cód á shárú i gcomórtais nuair nach bhfaighimid gearáin futhu.

Déantar foráil don fhíorú sin faoi Alt 43(5) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (ABSP) ina ndeirtear *‘Ó am go ham, de réir mar a mheasann sé a bheith cuí, déanfaidh an Coimisiún scrúdú agus measúnú, nó cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar scrúdú agus measúnú, ar gach sealbhóir ceadúnais chun a fháil amach an bhfuil said ag comhlíonadh coinníollacha an ailt seo’*.

### **Modheolaíocht**

Roinneamar an tionscadal in dhá chéim. Sa chéad chéim iarradh ar gach earcaitheoir ceadaithe ceistneoir a chomhlánú maidir le struchtúr agus soláthar foirne na feidhme earcaíochta. Is é seo an ceistneoir céanna atá le comhlánú ag iarrthóirí ar cheadúnais nua. Tugtar faoi deara go moltar anois do shealbhóirí ceadúnais nua go mbeidh orthu an ceistneoir seo a chomhlánú gach dara bhliain. Ní raibh sé comhlánaithe riamh ag seansealbhóirí ceadúnais.

Sa dara céim, rinneamar anailís ar thaifid ó fheachtais earcaíochta faoi leith a roghaíodh go randamach do gach earcaitheoir.

## **An chéad cheim agus an toradh**

Don chéim seo, chruthaíomar ceistneoir féindearbhair bunaithe ar an bhfoirm iarratais le haghaidh ceadúnas earcaíochta a úsáidimid chun gach iarratas nua ar cheadúnais earcaíochta a mheas.

In Aibreán, sheolamar an ceistneoir féindearbhair go dtí gach 47 sealbhóir ceadúnais agus chuireamar roinnt ceisteanna, na cinn seo ina measc:

- Soláthar foirne agus taithí/cáilíocht foirne,
- Taithí na heagraíochta próisis chomórtais a eagrú, ar nós gearrliostú, agallaimh, tástálacha síciméadracha
- Líon na gcomórtais a d’eagraigh an eagraíocht le dhá bhliain anuas agus
- Conas a bhfógraítear an CCSP sa leabhrán eolais d’iarratasóirí

Rinneamar athbhreithniú ar gach tuairisceán ag baint úsáide as an seicliosta atá againn chun iarratais nua ar cheadúnais a mheas, chun cinnte a dhéanamh de go dtagann struchtúr agus leibhéal foirne na feidhme earcaíochta leis na caighdeáin atá leagtha amach i gCód Cleachtais an Choimisiúin.

Tar éis na 47 ceistneoir a scrúdú, táimid sásta gur shásaigh na freagraí ó na 47 sealbhóir ceadúnais an tástáil seo, agus is féidir linn a bheith ag súil leis, go réasúnta, go ndéanann siad earcaíocht de réir an Chóid Chleachtais.

## **An dara céim**

Chun ár leibhéal dearbhaíochta a mhéadú, leanamar go dtí an dara céim den phróiseas fíorúcháin.

Sa chéim seo, rinneamar measúnu ar conas a dhéanann sealbhóirí ceadúnais, bainistíocht ar a bhfeidhmeanna earcaíochta. Roghnaíomar roinnt comórtais chun a dheimhniú ar eagraíodh gach ceann díobh de réir an Chóid Chleachtais. Reáchtáil na heagraíochtaí na comórtais seo sna dá bhliain roimhe sin. Bhí líon na gcomórtais a roghnaíomar bunaithe ar an leibhéal earcaíochta foriomlán a rinne gach sealbhóir ceadúnais le linn an dá bhliain sin.

Chuireamar an ceistean a leanas i measc cinn eile:

- Cad iad na tástáslacha roghnúcháin a úsáideadh don fheachtas
- Cóip den leabhrán/fógra d’iarratasóirí
- Roghnaíomhar iarratasóir go randamach agus d’iarramar go gcuirfí ar fáil dúinn an chomhfhreagras a bhí ann idir an rannóg AD agus an iarratasóir

Rinneadh na tuairisceáin go léir ón dara céim a scrúdú ag baint úsáide as an seicliosta. Rinneamar athbhreithniú ar gach céim de na comórtais roghnúcháin, lena n-áirítear na céimeanna pleanála, an fhoireanna agus na haonaid, na tástálacha roghnúcháin agus aon iniúchadh nó dearbhú cáilíochta a rinne an t-earcathóir. Rinneamar scrúdú freisin ar an leabhrán d'iarratasóirí chun a chinntiú gur chomhlíon sé na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód. Rinneamar cinnte de gur míníodh an próiseas athbhreithnithe do na hiarratasóirí agus go raibh sé fógartha sa leabhrán comórtais go bhfuil an rogha ann iarratas ar athbhreithniú a chur chuig an CCSP. Tar éis na heilimintí seo a scrúdú, bhíomar sásta gur chomhlíon na comórtais na critéir riachtanacha agus go bhfuil siad á reáchtáil de réir an Chóid Chleachtais.

### **Achoimre**

Mar sin, is féidir linn dearbhú ardleibhéal a dhéanamh do na Coimisinéirí go bhfuil na hEarcathóirí Ceadaithe ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais.

### **Tháinig toradh breise chun cinn: Dúbláil le hearcaíocht sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP).**

Tháinig saincheist amháin chun cinn ón dara céim agus b'í sin go raibh comórtais reáchtáilte ag 22 denár Sealbhóirí Ceadúnais le haghaidh grád seirbhíse ginearálta ar nós Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Cúnta Agus Príomhoifigeach. Is gnách gurb í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a reáchtálann comórtais do na gráid seo. Mar atá leagtha amach sna téarmaí agus coinníollacha a eisítear do shealbhóirí ceadúnais, más mian le comhlacht poiblí feachtais a rith do na gráid thuasluaite, ní mór cás gnó a bheith ullmhaithe acu maidir leis an fáth go bhfuil gá leis agus cén fáth nach bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí á húsáid chun na folúntais seo a líonadh. Éilítear é seo chun dúbláil i ngíomhaíocht earcaíochta a sheachaint idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus na sealbhóirí ceadúnais. Cuireann sé seo mearbhall ar an margadh fostaíochta, méadaíonn sé na costais atá ann don Stát agus cruthaíonn sé comórtas neamhriachtanach idir comhlachtaí Stáit.

Bíomar i dteagmháil leis na 22 comhlacht seo agus chuireamar in iúl dóibh go gcaithfidh siad muid a chur ar an eolas roimh comórtais gráid a reáchtáil atá comhionann le comórtais SCP. D'fhreagair gach ceann díobh agus d'hearbhaigh siad don Choimisiún go mbeadh siad i dteagmháil le SCP agus linn féin roimh na comórtais thausluaite a reáchtáil. Táimid sásta go rachaidh an dearbhú seo i ngleic leis an riosca dúblála a tharla sna feachtais ábhartha a reáchtáil na 22 earcathóir faoi chaibidil.

## Conclúid agus céimeanna don todchaí

Bhíomar i dteagmháil leis na 47 sealbhóir ceadúnais chun a chur in iúl dóibh go bhfuil ár gclár fíorúcháin maidir le ceadúnais earcaíochta curtha i gcrích agus go bhfuil an Coimisiún sásta leis an gcomhfhreagras a fuarthas agus táimid sásta go bhfuil an earcaíocht atá á déanamh ag na heagraíochtaí sin ag comhlíonadh téarmaí a gceadúnais Earcaíochta.

Chuireamar in iúl do na Sealbhóirí Ceadúnais go mbeadh an clár fíorúcháin maidir le ceadúnais earcaíochta ar siúl arís i gceann dhá bhliain chun go mbeidh a fhios ag an gCoimisiún go bhfuil na Sealbhóirí Ceadúnais ag cloí leis an gCód Cleachtais.

Fuaireamar roinnt aiseolas a bhí an-dearfach ar fad ó mhóran de na comhlachtaí. Dúirt roinnt díobh dúinn go raibh áthas orthu go raibh a bpróisis á seiceáil chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil said ag comhlíonadh a ndualgas ceadaúnais agus chun dearbhú a fháil arís ón CCSP.

## Gníomhaireachtaí ceadaithe

I bhformhór na gcásanna, tabharfaidh sealbhóir ceadúnais faoi gach gné den phróiseas roghnúcháin. Mar sin féin, is féidir le sealbhóir ceadúnais, más ábhartha, cúnaimh a lorg ó ghníomhaireacht earcaíochta san earnáil phríobháideach le cuid de na cúraimí a bhaineann leis an bpróiseas earcaíochta.

Foilsimid liosta gach bliain de na ‘gníomhaireachtaí earcaíochta ceadaithe’. Is gníomhaireachtaí iad seo a rinne iarratas chuig an gCoimisiún agus, tar éis dúinn a scrúdú, bhíomar sásta go bhfuil próisis chúí i bhfeidhm acu chun tacú le comhlachtaí poiblí roghnú cothrom bunaithe ar fhiúntas a dhéanamh.

Tá gach gníomhaireacht cheadaithe liostaithe ar chlár na ngníomhaireachtaí fostaíochta ceadúnaithe arna chothabháil ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá ráitis ghéilliúlachta tugtha acu ag dearbhú go gcoífidh siad leis na caighdeáin agus na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais

Le linn 2023, cheadaigh an Coimisiún na gníomhaireachtaí seo a leanas:

- Staffline Recruitment ROI Ltd
- Africare
- Hollilander Recruitment Ltd
- Brightwater Selection (Ireland) Ltd
- Careerwise Recruitment Ltd
- Steeringpoint Advisory Ltd
- Medforce

Ciallaíonn an cead seo go bhfuil 39 gníomhaireacht ainmnithe anois ar ár liosta de ghníomhaireachtaí ceadaithe, agus tá liosta iomlán díobh le fáil in Aguisín 4 den tuarascáil seo.

Tá clár curtha i bhfeidhm againn chun measúnú a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí formheasta go léir agus a chinntiú go gcomhlíonann siad na coinníollacha agus na caighdeáin atá leagtha amach ag an gCoimisiún. Tá athbhreithniú á dhéanamh againn anois ar na gníomhaireachtaí earcaíochta atá liostaithe faoi láthair agus tá sé beartaithe againn é sin a dhéanamh gach dhá bhliain chun a chinntiú go bhfuil na caighdeán arna leagan amach ag an gCoimisiún agus na Cód Cleachtais á gcomhlíonadh acu. Aon ghníomhaireacht nach mbaineann amach an caighdeán a thuilleadh, bainfear den liosta í.

## Poist eisiata

Ba cheart go mbeadh comhlachtaí státseirbhíse in ann a riachtanais foirne a phleanáil, lena n-áirítear poist shealadacha a líonadh, trí ghníomhaíochtaí pleanála fórsa saothair.



I gcásanna áirithe, áfach, bíonn sé riachtanach duine a cheapadh chuig post ar bhonn sealadach, lasmuigh de cheanglais an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Sna cásanna seo, is féidir le comhlacht iarratas a dhéanamh chugainn ar ordú eisiata. Má dheonaímid an t-ordú, déantar an ceapachán a eisiadh go sealadach ón Acht. Ciallaíonn sé seo gur féidir ceapachán a dhéanamh gan próiseas iomlán roghnúcháin a dhéanamh faoin gCód Cleachtais.


Ní dheonaímid ach orduithe eisiata do phoist shealadacha laistigh den Státseirbhís. De ghnáth, ní dheonaítear iad ach amháin nuair a cheaptar duine ar thionscnamh sonrath gearrthéarmach nó mar fhoireann oifige aireachta. Seachas sin, ní dheonaímid ordú ach i gcúinsí eisceachtúla.

Sonraítear sa tábla thíos na hOrduithe Eisiata a rinneadh nó a síneadh in 2023.

Catagóir	Orduithe
Cláir socrúcháin mac léinn	35
Tionscadail WAM	16
Cláir Lucht Siúil & Roma	6
Foireann phríobháideach an Aire	16
Sainscileanna	5
Eile	4
<b>Iomlán</b>	<b>82</b>

Deonaíodh 82 ordú chun tacú le tionscnaimh ghearrthéarmacha ar leith, i.e. socrúcháin do mhic léinn, tionscadail WAM (Meantóireachta Toilteanach Cumasach), clár píolótach lucht siúil agus Roma, agus scéimeanna malairte. Rinneadh 16 ordú d'fhoireann phríobháideach aireachta agus rinneadh 5 ordú do scileanna ar leith.

### Orduithe Eisiata



## Nochtuithe Cosanta

Is éard is nochtadh cosanta ann ná nochtadh a dhéanann oibrí faoi éagóir ábhartha a cuireadh ar a súile dóibh i gcomhthéacs oibre. Foráiltear san Acht um Nochtadh Cosanta go dtugtar cosaintí áirithe dóibh siúd a dhéanann nochtadh cosanta.

Uaireanta is féidir le hoibrithe tuarascálacha a thabhairt dá bhfostóir féin ach i gcásanna eile d'fhéadfaidís roghnú é a chur faoi bhráid Duine Forordaithe.

Is Duine Forordaithe é Stiúrthóir Oifig an CCSP faoin mBille um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022. Tá freagracht aige nochtuithe a mheas i réimsí áirithe den earcaíocht san Earnáil Phoiblí. Is gnách gur rialálaí iad Daoine Forordaithe sna réimsí atá mar ábhar na líomhaintí. Chun nochtadh cosanta a dhéanamh do Dhuine Forordaithe, ní mór go gcreidfidh an t-oibrí le réasún go bhfuil an Duine Forordaithe freagrach as an tuarascáil agus go bhfuil an fhaisnéis a nochtfar fíor mar aon le haon líomhain a dhéanfar.

Sa bhliain 2023, fuair CCSP sé thuarascáil maidir le héagóir a rinneadh le linn earcaíochta don earnáil phoiblí. Bhí ceithre cinn díobh gan ainm agus fuarthas dhá cheann ó thuarisceoirí ainmnithe.

Faoi 31/12/2023, rinneadh measúnú ar dhá cheann de na nochtuithe. Ag an gcéim thosaigh, cinneann an CCSP an bhfuil fianaise *prima facie ann go bhféadfadh sé gur tharla éagóir ábhartha*, bunaithe ar fhaisnéis ón duine atá ag tuairisciú. Is í seo an chéad chéim mar chuid d'obair triáiseála a dhéantar ar thuarascálacha faoin reachtaíocht. Ní cinneadh é gur tharla éagóir nó nár tharla mar ní mór imscrúdú níos doimhne a dhéanamh chun é seo a dheimhniú.

Tar éis na céime tosaigh seo cuireadh ceann amháin ar ais go dtí Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta mar níor tháinig sé faoi shainchúram an CCSP. Dúnadh an ceann eile mar bhí an CCSP sásta nach raibh aon fhianaise *prima facie* ann gur tharla éagóir. Tá measúnacht ar na ceithre chás eile fós ag dul ar aghaidh.

## Ag féachaint ar aghaidh go dtí 2024

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint leis an bhfor-rochtain ar chomhlachtaí poiblí a leathnú agus a neartú in 2024. Tacóidh sé seo tuilleadh le comhlíonadh agus deachleachtas san earnáil. Tá sé beartaithe againn freisin tús a chur le clár fostaíochta d'iarrthóirí chun iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a chur ar an eolas maidir lena

gcearta agus iad a chur ar an eolas faoi na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo i bpróiseas roghnúcháin arna sheoladh faoi Chód Cleachtais an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar thionscadal chun a shaináithint an bhfuil comhlachtaí ann san earnáil phoiblí atá ag earcú pé acu gan ceadúnas nó faoi dhíolúint reachtúil. Tá 51 earcaitheoir ann faoi láthair a fheidhmíonn faoi cheadúnais a bhronn CCSP orthu. Níl faisnéis iomlán againn faoi láthair maidir le comhlachtaí poiblí eile. Nuair a chríochnófar an tionscadal seo, táimid ag súil na gníomhaireachtaí seo a shaináithint chun go ndeimhneoidimid cé acu a thagann faoi shainchúram CCSP agus a Chód Cleachtais. Is í an chéad chéim eile ná déileáil leis na Ranna ábhartha chun a chinntiú go bhfuil na comhlachtaí go léir atá in ainm a bheith faoi réir an Chóid Chleachtais ag feidhmiú dá réir agus ag earcú de réir an dea-chleachtais.

Mar a dúradh sa Réamhrá thuas, glacadh in 2022 leis an gcoincheap de Ráiteas Straitéise aontaithe do na comhlachtaí rialála ar fad a thagann faoi scáth corparáideach Oifig an Ombudsman. Ligfidh an cur chuige seo do na hoifigí seo leanúint ar aghaidh ag tacú agus ag neartú na Seirbhíse Poiblí go ginearálta chun ár spriocanna comhroinnte a bhaint amach.

## Aguisín 1 Gníomhaíocht earcaíochta agus roghnúcháin sealbhóirí ceadúnais

Sealbhóir Ceadúnais	Inmheánach	Oscailte	Oscailte (SCP)	Ag gníomhú ar leibhéal níos airde	Iomlán	Inmheánach %	Seacht %
Údarás Uchtála na hÉireann	4	19	0	3	26	27	
An Garda Síochána	140	21	427	25	613	27	
An Phríomh-Oifig Staidrimh	38	177	63	16	294	18	
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	10	38	20	1	69	16	
An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)	81	966	1	384	1432	32	
An tSeirbhís Chúirteanna	59	103	0	52	214	52	
An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach	6	15	11	1	33	21	
An Choimisiún um Chosaint Sonraí							
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	148	59	286	14	507	32	
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	47	0	198	6	251	21	
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	16	16	66	11	109	25	
An Roinn Oideachais agus Scileanna (Ardoiceachas agus Breisoideachas san áireamh)	152	115	279	34	580	32	
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	74	1	78	3	156	49	
An Roinn Airgeadais	13	18	63	2	96	16	
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	181	7	216	44	448	50	
An Roinn Sláinte	11	0	86	7	104	17	
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	60	45	137	2	244	25	

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	49	64	523	60	696	16	
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	26	1	100	4	131	23	
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	13	0	25	1	39	36	
An Roinn Coimirce Sóisialaí	251	294	1410	288	2243	24	
<b>Sealbhóir Ceadúnais</b>	<b>Inmheánach</b>	<b>Oscailte</b>	<b>Oscailte (SCP)</b>	<b>Ag gníomhú ar leibhéal níos airde</b>	<b>Iomlán</b>	<b>Inmheánach %</b>	<b>Seacht %</b>
Roinn an Taoisigh	10	0	38	0	48	21	
An Roinn Iompair	9	2	121	4	136	10	
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean	4	26	0	0	30	13	
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána							
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)	38	64	0	7	109	41	
Oifig Thithe an Oireachtais	45	45	47	3	140	34	
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	4	2	19	1	26	19	
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	114	38	194	23	369	37	
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	0	9	0	1	10	10	
An Bord um Chúnaimh Dlíthiúil	13	96	1	8	118	18	
Údarás Rialála Limistéir Mhuirí							
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	8	62	9	4	83	14	
Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte							
Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann	0	15	0	0	15	0	
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	6	11	1	1	19	37	
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	19	42	1	2	64	33	
Oifig an Ombudsman	1	2	11	0	14	7	

Oifig an Ombudsman do Leanaí							
Oifig an Rialálaí Pleanála	0	19	1	1	21	5	
Oifig na nOibreacha Poiblí	51	0	151	8	210	28	
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	381	174	576	13	1144	34	
An tÚdarás Póilíneachta	0	6	5	0	11	0	
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	6	0	95	23	124		23
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	4	102	34	18	158		14
<b>Sealbhóir Ceadúnais</b>	<b>Inmheánach</b>	<b>Oscailte</b>	<b>Oscailte (SCP)</b>	<b>Ag gníomhú ar leibhéal níos airde</b>	<b>Iomlán</b>	<b>Inmheánach %</b>	<b>Seacht %</b>
An tSaotharlann Stáit	9	28	11	0	48		19
An Coimisiún um Achomhairc Chánach	2	0	4	3	9		55
Tailte Éireann (PRA agus Oifig Luachála agus Suirbhéireacht Ordanáis)	13	9	62	5	89		20
An Coimisiún Toghcháin	0	0	4	0	4		0
<b>Iomlán</b>	<b>2116</b>	<b>2711</b>	<b>5374</b>	<b>1083</b>	<b>11284</b>		<b>28</b>

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Inmheánach	Oscailte	Oscailte (PAS)	Ag gníomhú ar leibhéal níos airde	Ceapacháin Eigeandála	Iomlán	Inmheánach %	Seacht %
Seirbhísí Gnó Sláinte								
Limistéar CHO 1								
Limistéar CHO 2	0	956	7	79	0	1042	8	92
Limistéar CHO 3	170	415	0	87	0	672	38	62
Limistéar CHO 4								
Limistéar CHO 5	47	534	0	102	0	683	22	78
Limistéar CHO 6	175	311	8	122	0	616	48	52

Limistéar CHO 7	0	199	0	31	0	230	13	87
Limistéar CHO 8	46	264	0	199	0	509	48	52
Limistéar CHO 9	135	550	7	0	0	692	20	80
Grúpa Ospidéal Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn								
Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann	19	559	1	46	0	625	10	90
<b>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</b>	<b>Inmheánach</b>	<b>Oscailte</b>	<b>Oscailte (SCP)</b>	<b>Ag gníomhú ar leibhéal níos airde</b>	<b>Ceapacháin Eigeandála</b>	<b>Iomlán</b>	<b>Inmheánach %</b>	<b>Seachtrach %</b>
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre								
Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh	0	489	0	34	0	523	7	93
Grúpa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt	2	1143	0	71	0	1216	6	94
Grúpa Ospidéal Saolta								
Oifig Náisiúnta AD Oifigí Comhroinnte	0	5339	253	0	0	5592	0	100
Oibríochtaí Pobail AD								
Bainisteoir Earcaíochta don Cheantar Baile Átha Cliath/Lár na Tíre								
<b>Iomlán</b>	<b>594</b>	<b>10759</b>	<b>276</b>	<b>771</b>	<b>0</b>	<b>12400</b>	<b>11</b>	<b>89</b>



Aguisín 2 Líon na ngearán vs líon foriomlán na gceapachán

Sealbhóir Ceadúnais	Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 7	Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 8	Ceapacháin déanta	% iomlán na ngearán faoi ceapacháin
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	51	0	1144	4.4
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	16	0	448	3.6
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	3	0	83	3.6
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	9	4	507	2.6
An tSeirbhís Chúirteanna	4	0	214	2
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	3	0	158	1.9
An Garda Síochána	8	2	613	1.6
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	1	0	64	1.6
An Roinn Coimirce Sóisialaí	33	0	2243	1.5
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	4	0	369	1.1
an Phríomh-Oifig Staidrimh	2	1	294	1
An Roinn Sláinte	0	1	104	1
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	1	0	109	0.9
n tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)	1	0	109	0.9
an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	2	0	251	0.8
an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	0	5	696	0.7
an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)	3	0	1432	0.2
Údarás Uchtála na hÉireann	0	0	26	0

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	0	0	69	0
<b>Sealbhóir Ceadúnais</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 7</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 8</b>	<b>Ceapacháin déanta</b>	<b>% iomlán na gnearán faoi ceapacháin</b>
An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach	0	0	33	0
An Roinn Oideachais agus Scileanna (Ardoiceachas agus Breisoideachas san áireamh)	0	0	580	0
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	0	0	156	0
An Roinn Airgeadais	0	0	96	0
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	0	0	244	0
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	0	0	131	0
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	0	0	39	0
Roinn an Taoisigh	0	0	48	0
An Roinn Iompair	0	0	136	0
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean	0	0	30	0
Oifig Thithe an Oireachtais	0	0	140	0
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	0	0	26	0
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	0	0	10	0
An Bord um Chúnammh Dlíthiúil	0	0	118	0
Bord Altranais agus Cnámhseachais na hÉireann	0	0	15	0
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	0	0	19	0

Oifig an Ombudsman	0	0	14	0
Oifig an Rialálaí Pleanála	0	0	21	0
Oifig na nOibreacha Poiblí	0	0	210	0
An tÚdarás Póilíneachta	0	0	11	0
An tSeirbhís um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	0	0	124	0
<b>Sealbhóir Ceadúnais</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 7</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 8</b>	<b>Ceapacháin a rinneadh</b>	<b>% iomlán na ngearán faoi ceapacháin</b>
An tSaotharlann Stáit	0	0	48	0
An Coimisiún um Achomharc Cánach	0	0	9	0
Tailte Éireann (PRA, Oifig Luachála agus suirbhéireacht ordnáis)	0	0	89	0
An Coimisiún Toghcháin	0	0	4	0
An Coimisiún um Chosaint Sonraí				
An Coimisiún Ombudsman don Gharda Síochána				
An tÚdarás Rialála um Limistéar Mhuirí				
Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte				
Oifig an Ombudsman do Leanáí				
<b>Iomlán</b>	<b>141</b>	<b>13</b>	<b>11284</b>	<b>1.4</b>

<b>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 7</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 8</b>	<b>Ceapacháin a rinneadh</b>	<b>% iomlán na ngearán faoi ceapacháin</b>
Limistéar CHO 7	9	0	230	4

Limistéar CHO 8	8	5	509	2.5
Limistéar CHO 6	13	0	616	2.1
Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte AD	82	14	5592	1.7
Limistéar CHO 3	11	0	672	1.6
Limistéar CHO 9	6	1	692	1
Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh	5	0	523	1
<b>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 7</b>	<b>Gearáin arna ndéanamh faoi Alt 8</b>	<b>Ceapacháin a rinneadh</b>	<b>% iomlán na ngearán faoi ceapacháin</b>
Limistéar CHO 5	5	0	683	0.7
Limistéar CHO 2	5	0	1042	0.5
Grúpa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt	5	0	1216	0.4
Grúpa Ospidéal an Oirthear na hÉireann	0	0	625	0
Seirbhísí Gnó Sláinte				
Limistéar CHO 1				
Limistéar CHO 4				
Grúpa Ospidéal Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn				
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath/Lár na Tíre				
Grúpa Ospidéal Saolta				
Grúpa Ospidéal Leanáí				
Oibríochtaí Pobail AD				
Bainisteoir Earcaíochta don Cheantar Baile Átha Cliath/Lár na Tíre				
<b>Iomlán</b>	<b>149</b>	<b>20</b>	<b>12400</b>	<b>1.4</b>

Nótaí: Sna tuairisceáin a chuir FSS isteach, rinneadh 0 ceapachán éigeandála.

**\*Léiríonn réimse ar bith atá fágtha bán na Comhlachtaí Poiblí agus réimsí FSS nár éirigh leo a gcuid staitisticí earcaíochta a chur ar ais.**

## Aguisín 3 Sealbhóirí ceadúnais earcaíochta

Údarás Uchtála na hÉireann  
An Garda Síochána  
An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit  
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach - TULSA  
An tSeirbhís Chúirteanna  
An Coimisiún um Chosaint Sonraí  
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia  
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige  
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta  
An Roinn Airgeadais  
An Roinn Gnóthaí Eachtracha  
An Roinn Sláinte  
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil  
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais  
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe  
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Roinn an Taoisigh  
An Roinn Iompair  
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean  
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána  
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine  
Seirbhís Phríosúin na hÉireann  
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí  
An Bord um Chúnaimh Dlíthiúil  
Údarás Rialála Limistéar Mhuirí  
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta  
Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte  
Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann  
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí  
Oifig Thithe an Oireachtais  
Oifig an Ombudsman  
Oifig an Ombudsman do Leanáí  
Oifig an Rialálaí Pleanála Office of Public Works  
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim  
An tÚdarás Póilíneachta  
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
An tSaotharlann Stáit  
An Coimisiún um Achomhairc Chánach  
Tailte Éireann (PRA, Oifig Luachála agus Suirbhéireacht Ordnáis)  
An Coimisiún Toghcháin

# Aguisín 4 Gníomhaireachtaí Earcaíochta Ceadaithe

FRS Recruitment Society Limited  
Lex Consultancy Limited  
Sigmar Recruitment Consultants Limited  
Recruitment Plus  
Osborne Recruitment  
Cpl Ltd  
Servisource Recruitment Limited  
Hays Specialist Recruitment Limited  
Orange Recruitment Limited  
Mazars  
InterSearch Ireland  
PE Global  
Gatenby Sanderson  
Conscia  
Amrop  
Yala  
Lansdowne Executive  
PWC Executive  
Signium Ireland  
Matrix Recruitment  
Excel Recruitment  
Lincoln Recruitment Specialists  
Odgers Berndtson  
Perret Laver Ltd  
Eden Recruitment  
Vertical Markets Group  
2into3  
Morgan McKinley Group  
RSM Ireland  
Hero Recruitment  
Nuvo Recruitment  
Shikilla Healthcare  
Staffline Recruitment (ROI) Ltd



Africare  
Hollilander Recruitment Ltd  
Brightwater Selection (Ireland) Ltd  
Careerwise Recruitment Ltd  
Steering Point Advisory Ltd  
Medforce